2024/1984

16.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1984 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Iúil 2024

chun tacú leis an bPleanáil Idirthréimhseach Institiúideach le haghaidh Misin Neamhghnácha agus Acmhainneachtaí Imscrúdaitheacha na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('Straitéis an Aontais').

(2) Le Straitéis an Aontais, leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú ('An Coinbhinsiún um Airm Cheimiceacha', 'CWC') agus ag an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ('OPCW') chun domhan a chruthú atá saor ó airm cheimiceacha. Mar chuid de Straitéis an Aontais, gheall an tAontas go bhféachfadh sé leis go mbeifí ag cloí ar bhonn uilechoiteann leis na príomhchonarthaí agus leis na príomh-chomhaontuithe maidir leis an dí-armáil agus an neamhleathadh, lena n-áirítear CWC.

(3) Ó 2004 i leith, tá an tAontas ag tacú le gníomhaíochtaí OPCW trí bhíthin na nGníomhaíochtaí Comhpháirteacha seo a leanas agus na gCinntí seo a leanas ón gComhairle: Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES ón gComhairle [1]; Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES ón gComhairle [2]; Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle [3]; Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle; Cinneadh 2009/569/CBES ón gComhairle [4]; Cinneadh 2012/166/CBES ón gComhairle [5]; Cinneadh (CBES) 2015/259 ón gComhairle [6]; Cinneadh (CBES) 2019/538 ón gComhairle [7]; Cinneadh (CBES) 2021/1026 ón gComhairle [8] a leasaítear le Cinneadh (CBES) 2023/1515 ón gComhairle [9]; Cinneadh (CBES) 2021/2073 ón gComhairle [10] agus Cinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle [11].

[1] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES ón gComhairle an 22 Samhain 2004 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 349, 25.11.2004, lch. 63).

[2] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES ón gComhairle an 12 Nollaig 2005 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 331, 17.12.2005, lch. 34).

[3] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle an 19 Márta 2007 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 85, 27.3.2007, lch. 10).

[4] Cinneadh 2009/569/CBES ón gComhairle an 27 Iúil 2009 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 197, 29.7.2009, lch. 96).

[5] Cinneadh 2012/166/CBES ón gComhairle an 23 Márta 2012 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 87, 24.3.2012, lch. 49).

[6] Cinneadh (CBES) 2015/259 ón gComhairle an 17 Feabhra 2015 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 43, 18.2.2015, lch. 14).

[7] Cinneadh (CBES) 2019/538 ón gComhairle an 1 Aibreán 2019 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 93, 2.4.2019, lch. 3).

[8] Cinneadh (CBES) 2021/1026 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 224, 24.6.2021, lch. 24).

[9] Cinneadh (CBES) 2023/1515 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1026 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 184, 21.7.2023, lch. 37).

[10] Cinneadh (CBES) 2021/2073 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú trí bhíthin íomhánna satailíte (IO L 421, 26.11.2021, lch. 65).

[11] Cinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú (IO L 168, 3.7.2023, lch. 27).

(4) Is gá leanúint den chúnamh spriocdhírithe comhsheasmhach leanúnach atá á thabhairt ag an Aontas do OPCW i gcomhthéacs chur chun feidhme gníomhach Chaibidil III de Straitéis an Aontais. Tá gá ar leith le tuilleadh tacaíochta chun acmhainneachtaí imscrúdaitheacha OPCW a neartú faoi chuimsiú a phleanála idirthréimhsí institiúidí le haghaidh misin nach gnáthmhisin iad, chomh maith le faisnéis fhianaiseach a bailíodh a aistriú d'fhonn cuntasacht idirnáisiúnta a chumasú maidir le húsáid arm ceimiceach sa tSiria.

(5) Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a ghlacadh chun an tacaíocht is gá a chur ar fáil.

(6) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gCinneadh seo a chur de chúram ar Rúnaíocht Theicniúil OPCW,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú trí bhíthin gníomhaíochta oibríochtúla.

2. Is é a bheidh i gcuspóirí na gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1:

— Eolas agus saineolas a chomhtháthú le haghaidh modheolaíochtaí, prótacail agus gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha (e.g. imscaradh etc.);

— Comhlíonadh leanúnach na comhroinnte faisnéise fianaise, mar a shainordaítear i mír 12 de Chinneadh C-SS-4/DEC.3 ó OPCW an 26-28 Meitheamh 2018, dar teideal 'Aghaidh a Thabhairt ar an mBagairt ó Úsáid Arm Ceimiceach', chun faisnéis a chaomhnú agus a sholáthar do na heintitis imscrúdaithe ábhartha.

3. Leagtar amach sa Doiciméad Tionscadail tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomh dá dtagraítear i mír 1 (*).

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Rúnaíocht Theicniúil OPCW a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh OPCW an cúram dá dtagraítear i mír 2 faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chuige sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le OPCW.

Airteagal 3

1. Is é EUR 1 605 447,56 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an mhéid tagartha caiteachas arna mhaoiniú ag an méid tagartha a leagtar amach i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le OPCW. Sonrófar sa chomhaontú ranníocaíochta go bhfuil ar OPCW infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú, infheictheacht a bheidh i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna ndéanamh ag OPCW. Beidh na tuarascálacha mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1.

(*) Toscairí: Féachaigí Doiciméad ST 10966/24 ADD1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 24 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.

IARSCRÍBHINN

Pleanáil Idirthréimhseach Institiúideach OPCW le haghaidh Misin Neamhghnácha agus Acmhainneachtaí Imscrúdaitheacha

1. **Cúlra agus Réasúnaíocht**

I mí na Nollag 2003, ghlac an tAontas Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (Straitéis an Aontais), inar aithin sé a mhéid a chuireann airm ollscriosta an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta i mbaol. Leagtar béim i Straitéis an Aontais ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha (CWC) agus ag OPCW i ndáil le hairm cheimiceacha a dhíothú ón saol. Cuireann cuspóirí Straitéis an Aontais le cuspóirí CWC. Ó glacadh Straitéis an Aontais, d'fhéach an tAontas agus OPCW chuige go n-oibríonn siad i gcomhar le chéile, lena n-áirítear rannpháirtíocht i sraith Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha agus Cinntí ([1])

Tá tacaíocht faighte go comhsheasmhach ag OPCW ón Aontas maidir le cur chun feidhme a shainordaithe, rud a léiríonn tiomantas leanúnach do chur chun feidhme iomlán CWC, mar ar cuireadh EUR 43,6M de ranníocaíochtaí deonacha ar fáil ó 2004 trí Ghníomhaíochtaí Comhpháirteacha agus Cinntí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála ('CBES'). Is díol sásaimh do OPCW tiomantas leanúnach an Aontais tacú le OPCW agus é ag iarraidh sprioc an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh — is í sin airm cheimiceacha a dhíothú ón saol, rud a chuirfidh leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta. Ina theannta sin, aithníonn OPCW an tacaíocht a thugann an tAontas trí mhaoiniú ó 2004 i leith lena gcumhdaítear réimsí éagsúla mar shampla: an córas fíorúcháin a chur i bhfeidhm agus stoc-chairn arm ceimiceach a scriosadh, uilíocht a chur chun cinn, chur chun feidhme CWC ag na Stáit is Páirtithe, comhar idirnáisiúnta maidir le gníomhaíochtaí ceimiceacha, ullmhacht chun ionsaithe a bhaineann le ceimiceáin thocsaineacha a chosc agus freagairt dóibh, forbairtí i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta, cibearshlándáil, tógáil lárionad OPCW um Cheimic agus Teicneolaíocht, feasacht staide agus táirgí íomháithe satailíte, agus aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann le húsáid arm ceimiceach. Ina theannta sin, agus aitheantas á thabhairt aige do na dúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le cuir i gcoinne theacht chun cinn na n-arm ceimiceach, is díol sásaimh do OPCW freisin go bhfuil spéis leanúnach ag an Aontas an tacaíocht atá á tabhairt aige d'institiúidiú acmhainneachtaí imscrúdaitheacha agus fíoraithe OPCW a threisiú.

Tar éis dheireadh scriosadh na stoc-charn arm ceimiceach dearbhaithe ar fad i mí Iúil 2023, lean OPCW den oiriúnú don chéim iar-scriosta Dá réir sin, tá tús curtha ag Rúnaíocht OPCW le mapáil eolais ar phróisis lena áirithiú go gcoinneofar acmhainneachtaí na Rúnaíochta a bhaineann le freagairt éifeachtach ar úsáid arm ceimiceach agus líomhaintí ina leith.

Measfar an togra seo i gcomhar le Cinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2023, (AE2023), agus leis na gníomhaíochtaí faoi Aschur 3 ('Freagairtí éifeachtacha a thabhairt ar líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach'). Baineann gníomhaíochtaí faoi Chinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle go príomha le himscrúduithe a dhéanamh atá ar feitheamh/atá ar siúl faoi láthair. Dírítear sa togra seo ar oibleagáidí agus ar ghníomhaíochtaí a tharlaíonn tar éis imscrúduithe a thabhairt chun críche agus tuarascálacha a eisiúint.

Tá an togra le haghaidh cistiú faoi bhuiséad CBES 2024 ailínithe le tosaíochtaí OPCW agus na Rúnaíochta Teicniúla a bhaineann le sealbhú eolais, comhtháthú saineolais, le próisis agus na nósanna imeachta slándála faisnéise go dtí seo a shonrú, agus mar fhreagairt ar an riosca a bhaineann le forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a mbíonn tionchar acu ar úsáid arm ceimiceach agus ar na bagairtí a bhaineann leo. I dtéarmaí nithiúla, féachtar leis an togra béim a leagan ar thorthaí na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha neamhspleácha neamhchlaonta, agus, *inter alia*, na hoibleagáidí gaolmhara maidir le doiciméadacht a sainordaíodh faoi chinneadh Chomhdháil na Stát is Páirtithe C-SS-4/DEC.3, mír 12, a glacadh an 27 Meitheamh 2018, agus C-28/Dec.12 a glacadh an 30 Samhain 2023. Ar mhaithe leis na hiarrachtaí a rinne an Rúnaíocht maidir le módúlachtaí a chur chun feidhme faoi mhír 21 de C-SS-4/DEC.3, agus i gcomhréir le mír 2 de C-28/Dec.12, d'iarr Comhdháil na Stát is Páirtithe ar an Rúnaíocht leanúint dá hiarrachtaí a hacmhainneachtaí a chothú agus a fhorbairt chun líomhaintí i leith úsáid arm ceimiceach a imscrúdú, lena n-áirítear trí uirlisí agus modheolaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh, cuir i gcás iad siúd a bhaineann le fóiréinsic, agallaimh le finnéithe, bailiú fianaise, slabhra coimeádta, oiliúint rialta agus cleachtaí ábhartha eile a phleanáil agus a dhéanamh, eolas, scileanna agus saineolas arna gcarnadh trí mhisin roimhe seo a chomhtháthú agus a choinneáil, agus trí aon mhodh eile a mheasann an tArd-Stiúrthóir a bheith riachtanach agus iomchuí.

([1]) Cuimsítear iontu Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES (in éag); Cinneadh 2009/569/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2012/166/CBES (in éag); Cinneadh 2013/726/CBES (in éag); Cinneadh 2015/259 (arna fhadú le Cinneadh 2018/294 agus imithe in éag); Cinneadh (CBES) 2015/2215 (in éag); Cinneadh 2017/2302 (arna fhadú le Cinneadh 2019/1092, in éag); Cinneadh 2017/2303 (arna fhadú le Cinneadh 2018/1943 agus Cinneadh 2019/2112, in éag); Cinneadh 2019/538 (arna fhadú le Cinneadh 2022/573, in éag); Cinneadh 2021/1026 (arna fhadú le Cinneadh 2023/1515, i bhfeidhm go dtí mí Lúnasa 2024), agus Cinneadh 2021/2073 (i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2025); Cinneadh 2023/1344 (i bhfeidhm go dtí mí an Mheithimh 2026)..

Glacadh Clár agus Buiséad Débhliantúil 2024-2025 OPCW ag an 28ú Comhdháil de na Stáit is Páirtithe (an 27 Samhain – an 1 Nollaig 2023). Áirítear leis claochlú leanúnach ar an Rannóg Cigireachta. Féachtar leis an oiriúnú sin an t-eolas agus an saineolas a fhaightear trí mhisin neamhghnácha sa tSiria agus níos faide i gcéin a ionchorprú agus a chomhtháthú, chun an tsainacmhainneacht sin a leabú trí oiliúint laistigh de struchtúir ábhartha na Rúnaíochta atá ann cheana agus chun freagairt ar mhaithe leis na Stáit is Páirtithe arna iarraidh sin. Ceanglófar leis an idirthréimhse sin ranníocaíochtaí deonacha comhlántacha, a ndéanfaidh an togra ón Aontas maoiniú páirteach orthu, sa bhreis ar na hacmhainní atá ar fáil trí Chlár agus Buiséad 2024-2025 chun dlús a chur le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí thíos, chomh maith le húsáid a bhaint as Lárionad OPCW um Cheimic agus um Theicneolaíocht.

2. **Cuspóirí foriomlána na Gníomhaíochta atá beartaithe**

Is é an cuspóir foriomlán a bheadh leis an gCinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh cumas na Rúnaíochta a neartú chun freagairt go héifeachtach agus go hinchreidte d'úsáid arm ceimiceach agus líomhaintí ina leith. Chuideodh an tacaíocht sin le sainorduithe OPCW a chur chun feidhme. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí a bheith rannpháirteach go tráthúil i gcur chun feidhme oibleagáidí OPCW faoi CWC, a bhaineann le hiarrachtaí cuntasachta idirnáisiúnta i gcoinne úsáid arm ceimiceach.

3. **Cuspóirí Sonracha na Gníomhaíochta**

— Eolas agus saineolas a chomhtháthú le haghaidh modheolaíochtaí, prótacail agus gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha (e.g. imscaradh, etc.);

— Comhlíonadh leanúnach maidir le comhroinnt na faisnéise fianaisí, mar a shainordaítear in C-SS-4/DEC.3 (mír 12), chun faisnéis a chaomhnú agus a sholáthar d'eintitis imscrúdaithe ábhartha.

4. **Aschuir a mheastar ón nGníomhaíocht**

— Aschur 1: Acmhainneachtaí ullmhachta agus freagartha OPCW a chomhtháthú ar bhonn institiúideach maidir le haon úsáid arm ceimiceach nua nó líomhain ina leith agus maidir le rioscaí nua agus/nó rioscaí atá ag teacht chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí táscacha déanfar an méid seo a leanas:

  — Faisnéis shlán a aistriú ó imscrúduithe chuig ardán comhtháite faoin bplean um bainistiú eolais, atá ailínithe le feidhmeanna agus eagraghram institiúideach nua/athbhreithnithe OPCW.

  — Punann foghlama a fhorbairt agus a thástáil (oiliúint, ábhar, cuir i gcás coimre, dea-chleachtais, etc.) a bhaineann le húsáid arm ceimiceach nó líomhaintí ina leith, chun eolas de chuid OPCW a aistriú agus a chomhroinnt (chun ábhair i ndáil le saineolas ábhartha a chur san áireamh lena léirítear speisialtóireacht OPCW a fuarthas ó imscrúduithe a dhéanamh i bPoblacht Arabach na Siria mar shampla: agallaimh a dhéanamh le finnéithe/stáit is páirtithe/íospartaigh; suíomh a bhaineann le húsáid arm ceimiceach líomhnaithe a bhainistiú; cásanna imscrúdaithe agus ullmhú dlíthiúil a bhainistiú; an slabhra coimeádta, etc., a bhainistiú).

— Aschur 2: Aistriú faisnéise fianaisí chuig an Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách a chumasú agus a neartú maidir le tuarascálacha eisithe ag an bhFoireann um Imscrúdú agus Sainaithint maidir le húsáid arm ceimiceach i bPoblacht Arabach na Siria, i gcomhréir le C-SS-4/ DEC.3 mír 12, agus chun tacú le cuntasacht idirnáisiúnta as airm cheimiceacha a úsáid. Leis na gníomhaíochtaí táscacha déanfar an méid seo a leanas:

  — Timpeallacht chumasúcháin a chruthú chun dul chun cinn a bhainistiú ar fud 'foirne' tuarascála a bhfuil seirbhísí comhroinnte acu lena gcumhdaítear soláthar agus caomhnú faisnéise ó thuarascálacha na foirne um Imscrúdú agus Sainaithint lena haistriú chuig an Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách

  — Faisnéis ón gcéad tuarascáil ón bhFoireann um Imscrúdú agus Sainaithint a sholáthar agus a chaomhnú lena gcumhdaítear úsáid arm ceimiceach in Ltamenah lena haistriú bunaithe ar iarrataí ón Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách lena n-áirítear sainaithint, athbhreithniú, atheagrú, fíorú toilithe, aistriú, agus próisis chartlainne maidir leis an gcéad tíolacadh, freagairtí leantacha agus cartlannú na gcomhad teagmhais ábhartha ar fad.

  — Faisnéis ón dara tuarascáil ón bhFoireann um Imscrúdú agus Sainaithint a sholáthar agus a chaomhnú lena gcumhdaítear úsáid arm ceimiceach in Saraqib lena haistriú bunaithe ar iarrataí ón Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách lena n-áirítear sainaithint, athbhreithniú, atheagrú, fíorú toilithe, aistriú agus próisis chartlainne do gach comhad teagmhais.

— Faisnéis ón tríú tuarascáil ón bhFoireann um Imscrúdú agus Sainaithint a sholáthar agus a chaomhnú lena gcumhdaítear úsáid arm ceimiceach in Douma lena haistriú bunaithe ar iarrataí ón Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách lena n-áirítear sainaithint, athbhreithniú, atheagrú, fíorú toilithe, aistriú agus próisis chartlainne do gach comhad teagmhais.

— Faisnéis ón gceathrú tuarascáil ón bhFoireann um Imscrúdú agus Sainaithint a sholáthar agus a chaomhnú lena gcumhdaítear úsáid arm ceimiceach in Marea lena haistriú bunaithe ar iarrataí ón Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách lena n-áirítear sainaithint, athbhreithniú, atheagrú, fíorú toilithe, aistriú agus próisis chartlainne do gach comhad teagmhais.

5. **Na Tairbhithe Deiridh**

I measc na dtairbhithe tá: Pearsanra agus foirne Rúnaíocht OPCW; agus páirtithe leasmhara CWC lena n-áirítear na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, an tSochaí Shibhialta, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Idir-rialtasacha, etc.

6. **Fad ama**

Meastar go dtabhófar agus go gcríochnófar thar thréimhse cur chun feidhme 24 mhí an caiteachas a chistítear tríd an tionscadal seo.